

**OSFC – Tuairisc ó
Iniúchóir**

A dtarlaíonn dá bharr

Feabhra 2013

OSFC – Tuairisc Iniúchóra – A dtarlaíonn dá bharr

	Leathanach
<i>Tá de rún leis an doiciméad seo míniú a thabhairt ar leagan amach an phróisis ag OSFC chun déileáil le tuairiscí ó iniúchóirí agus cuidiú le caidreamh atá éifeachtúil ó thaobh ama de a chothú idir foireann OSFC agus iniúchóirí ionas go dtagtar go tráthúil ar chomhairle chríochnúil chuí.</i>	An comhthéacs dlí agus oibre 2
	Buneolas faoin OSFC 2
	Dualgais iniúchóirí agus caighdeáin ghairmiúlachta 2
	Céim 1 – admháil agus measúnú 4
	Céim 2 – breis faisnéise a iarraidh 5
	Céim 3 – cinneadh ar na bearta a dhéanfar 6
	Céim 4 – ionchúiseamh 7
	Ráitis ó fhinnéithe agus freastal na cúirte 7
	Céim 5 – cás a thabhairt chun críche 9
	Aguisíní
1. Cumhachtaí OSFC faoin reachtaíocht 10	
2. Ábhar na tuairisce maidir le cion indíotáilte 11	

An comhthéacs dlí agus oibre

Tagann tuairiscí chuig OSFC ó iniúchóirí faoi alt 194 in Acht na gCuideachtaí 1990, lena gceanglaítear orthu tuairisc a thabhairt i gcásanna sainiúla.

Cuidíonn tuairiscí den sórt sin le OSFC na cuspóirí faoin reachtaíocht a thabhairt i gcrích, an géilliúntas do dlí na gcuideachtaí a chothú agus beart a dhéanamh, nuair is cuí sin, chun ionchúiseamh a dhéanamh i gcás neamhghéilliúntais nó moladh don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí beart breise a dhéanamh.

Níl, ina dhiaidh sin féin, sna tuairiscí ó iniúchóirí ach foinse amháin faisnéise ag OSFC: ar na foinsí eile bheadh leachtaitheoirí agus duine ar bith a thogródh ábhar a thabhairt chun aire. Tuairiscí 'deonacha' den sórt sin is bun le mórchuid na gcásanna. Ina ainneoin sin, tuairiscí ó iniúchóirí is bun le mórchuid na gcásanna coiriúla.

Buneolas faoin OSFC

Is faoi scáth na gcumhachtaí agus na ndualgas a leagtar uirthi faoin Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí (arna leasú), den chuid is mó, a thagann Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach (OSFC), i mbun na hoibre di. Is leis an Acht sin a cruthaíodh OSFC agus rinneadh chomh maith roinnt d'Achtanna na gCuideachtaí a leasú, go háirithe altanna faoi leith d'Acht na gCuideachtaí 1990, ionas go leagtar de dhualgas ar OSFC forfheidhmiú a dhéanamh ar dhlí na gcuideachtaí, lena n-áirítear ionchúiseamh a dhéanamh trí imeachtaí achomair.

Le leasú na bliana 2001 ar an Acht tugadh isteach leagan nua d'fho-alt 194(5) in Acht na bliana 1990, lena leagtar síos ceangal sainordaithe a bheith ar iniúcháirí tuairisc a thabhairt do OSFC sa chás go dtugann eolas orthu, a fhaigheann siad le linn a gcuid oibre iniúcháireachta dóibh, a theacht ar an tuairirm go bhfuil cúis réasúnach lena cheapadh go ndearnadh coir indiotáilte faoi Achtanna na gCuideachtaí. Mar chúnamh taca i ndáil leis an dualgas nua seo, chuir OSFC, i gcomhar leis an mBord um Chleachtais Iniúcháireachta (APB), treoir chomhairleach le chéile a eisíodh mar Fheasachán APB 2007/2 - An Dualgas atá ar Iniúcháirí i bPoblacht na hÉireann maidir le Tuairisc don Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus Fógra Cinnidh D/2006/2 - Treoir Leasaithe maidir le Dualgas Iniúcháirí Tuairisc ar Chionta Indiotáilte Amhrasta a thabhairt d'Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach.

Tráth ab fhaide anall, cuireadh deis áisiúil ar fáil d'iniúcháirí le Bileog Eolais Choiste Comhairleach na nEagraíochtaí Cuntasaíochta 06/2009/ODCE Fógra Eolais I/2009/4 - Tuairisciú Cionta Dlí Cuideachtaí: Eolas d'Iniúcháirí, d'fhonn a dtreorú tríd an bpróiseas maidir le cinneadh a dhéanamh chomh maith le liosta a thabhairt de thrí cinn déag de chionta a dtiocfadh iniúcháirí trasna orthu le linn a gcuid iniúcháireachta.

Ba cheart a thuiscint, ar mhaithe le comhthéacs níos fairsinge a lua maidir le tuairiscí faoi chionta indiotáilte, gur lú ná 10% de líon iomlán na dtuairiscí a thagann chuig OSFC gach bliain na tuairiscí ó iniúcháirí. Is iad na cineálacha tuairiscí is mó a thagann chuig OSFC (a) tuairiscí a thugann leachtaitheoirí de réir alt 56 d'Acht na bliana 2001, (b) tuairiscí a thugtar ar bhonn deonach ó fhoinsí éagsúla (gearáin ó dhaoine den phobal den chuid is mó) agus (c) tuairiscí faoi chionta indiotáilte ó iniúcháirí. Is ó aicme (c) a eascraíonn an chuid is mó de bhearta OSFC maidir le hionchúiseamh coiriúil agus tagann an chuid is mó d'fhuilleach na gcásanna sin de thoradh obair OSFC féin ag tabhairt cionta chun aire, mar shampla, cionta a dhéanann iniúcháirí neamhchláraithe agus daoine a sháraíonn ordú srianta / dícháiliúcháin de chuid na hArd-Chúirte. Ba chóir ina dhiaidh sin féin go dtuigfí do na hiniúcháirí gur lú ná 5% de ghnáth de na tuairiscí maidir le cionta indiotáilte ó iniúcháirí in aon bhliain faoi leith a dtagann ionchúiseamh faoin dlí coiriúil dá mbarr.

Dualgais iniúcháirí agus caighdeáin ghairmiúlachta

Déanann iniúcháirí a gcuid dualgas tuairiscíochta a chomhlíonadh faoi alt 194 i gcomhthéacs iniúcháireacht a dhéanamh maidir le ráitis airgeadais cuideachta de réir na gCaighdeán Iniúcháireachta Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (An Ríocht Aontaithe & Éire) arna n-eisiúint ag an APB. Tá siad sin agus dlí na gcuideachtaí dírithe ar an bpríomhdualgas a leagtar ar iniúcháirí tuairisc a thabhairt ar fhírinne agus ar chthroime ráiteas airgeadais cuideachtaí. Ina ainneoin sin, leagtar amach in ISA (An Ríocht Aontaithe & Éire) 250 coinníollacha agus lón treorach a bhaineann le hábhar i ndáil le tuairiscí breise nuair atá sin dlite faoin dlí agus pléitear chomh maith bearta a dhéanadh an t-iniúcháir sa chás go gceaptar gur cheart tuairisc a thabhairt ar mhaithe le leas an phobail.

Leagtar de dhualgas ar iniúcháirí freisin, agus ar dhaoine eile, tuairisc a thabhairt ar chionta faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise) 2001 agus faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) 2010. Ní bhaintear de na dualgais sin le tuairisc a thabhairt do OSFC.

I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh go mbeadh tuairisc le tabhairt freisin faoin Acht um Cheartas Coiriúil 2011 maidir le cionta áirithe faoi dhlí na gcuideachtaí.

Ba chóir a thabhairt chun aire chomh maith, i ndáil le halt 192(6) d'Acht na gCuideachtaí 1990,

An comhthéacs dlí agus oibre

“Sa chás go mbíonn cúiseanna réasúnta ag coiste nó binse araíonachta (gan bheann ar a ainmniú) chomhlacht cuntasóirí a aithnítear chun críocha alt 187 d'Acht na bliana 1990 lena cheapadh go mb'fhéidir go ndearna duine cion indíotáilte faoi Achtanna na gCuideachtaí le linn don té sin bheith ina chomhalta den chomhlacht, déanfaidh an comhlacht, a luaithe is féidir, tuairisc a chur ar fáil don Stiúrthóir ina luaitear mionsonraí faoin gcion amhrasta agus cuirfead ar fáil don Stiúrthóir an fhaisnéis bhreise sin i ndáil leis an ábhar a d'fhéadfadh an Stiúrthóir a éileamh.”

Céim 1 – admháil agus measúnú

Nuair a thagann tuairisc, eiseoidh foireann OSFC admháil agus tosófar ar an obair maidir le réamhanailís féachaint an mbeadh beart breise de dhíth i ndáil leis an gcás.

Bíonn an tréimhse ama a theastaíonn don mheasúnacht tosaigh ag brath ar chastacht na gceisteanna a thagann chun cinn. Ní mór do OSFC cinntiú freisin go dtugtar tús áite do na hacmhainní atá ar fáil chun an toradh is éifeachtúla a thabhairt i gcrích. Ó dhéantar an mheasúnacht tosaigh, tiocfaidh foireann OSFC i gcaidreamh leis an iniúchóir, ag iarraidh breis faisnéise nó á chur in iúl nach bhfuil beartaithe aon ní eile a dhéanamh faoi láthair.

Ba cheart d'iniúcháirí agus do stiúrthóirí a thabhairt chun aire go bhféadfadh breis faisnéise a theacht chun cinn tráth is faide anonn a d'fhágfadh go ndéanfaí an cás a mheas arís.

Ar thuairisc a theacht ó iniúcháir, osclaítear comhad don chás in OSFC agus cuirtear na mionsonraí isteach ar bhunachar sonraí OSFC. Mar gheall go nochtaítear, de réir an tsainmhíneithe, cúiseanna réasúnacha iontu lena cheapadh go ndearnadh cion, ní mar a chéile a dhéileáiltear in OSFC le tuairiscí ó iniúcháirí agus a dhéileáiltear le gearáin (ar a dtugtar tuairiscí deonacha), nach móide cionta á sonrú iontu *prima facie*.

Is é an chéad bheart a dhéanann OSFC maidir leis an gcás a mheas féachaint le gach faisnéis a bhaineann le hábhar mar gheall ar an gcuideachta agus na stiúrthóirí a thiomsú, agus béim faoi leith ar thuairisceáin san Oifig um Chlárú Cuideachtaí (cuideachtaí gaolmhara, nósanna comhlíontais na stiúrthóirí, etc.), cuardach ar fud bhunachar sonraí forleiththeadach OSFC féin maidir le cásanna (d'fhonn cásanna eile a shonrú lenar bhain, mar shampla, duine nó níos mó ná sin de na stiúrthóirí sa chás atá faoi scrúdú), cuardach maidir le breitheanna, cuardach ar chlár na ndaoine srianta/dícháilithe, etc., agus déantar réamhanailís ar an gcás ina dhiaidh sin.

Féachtar leis an bpróiseas tosaigh sin leis an scála a bhaineann le gnó na cuideachta a dheimhniú chomh maith lena mheas cé chomh tromchúiseach agus a bheadh na cionta. Nuair is gá sin, d'fhéadfaí go n-iarraí eolas breise ó fhoinsí eile, mar shampla na Coimisinéirí Ioncaim (faoi mar a bhforáiltear dó in Acht na bliana 2001). Má shocraítear, faoin tráth sin, gur fiú scrúdú níos géire a dhéanamh ar an gcás, leagtar a chúram ar Mheitheal lena mbaineann Oifigeach Cáis (bainisteoir an cháis) agus daoine eile d'fhoireann OSFC: aturnae, cuntasóir agus Garda.

Ní gnáth go mbeadh comhfhreagras ar bith ar bun leis an iniúchóir le linn na beartaíochta sin. Tharlódh, ina dhiaidh sin féin, go dtabharfaí faoi deara mar gheall ar na bearta a rinneadh go bhfuil gá le mionsonraí faoi leith chun an mheasúnacht tosaigh sin a thabhairt chun críche.

Bíonn tuairisc iomlán ón iniúchóir, ina luaitear mionsonraí faoi na forais mar a leagtar amach in alt 11 de Fheasachán APB / Fógra OSFC, ina chabhair ag meitheal OSFC maidir le teacht ar thuairim tosaigh faoin gcás agus is luaithe, dá réir sin, a bhítear críochnaithe leis an bpróiseas measúnachta. Ba chóir go luaifí i dtuairiscí den sórt sin, cibé foirm ina dtugtar an tuairisc, an fhaisnéis sin a bhí de dhíth ar an iniúchóir ionas gur thángthas ar an tuairim maidir le cion a bheith déanta. Dá mhéid eolais a thugtar sa chéad tuairisc is ea is éasca is féidir le OSFC cinneadh ar an mbeart is cuí a dhéanamh, socrú nach gá aon bheart eile a dhéanamh san áireamh. Sa chás go socraíonn stiúrthóirí na cuideachta freisin scríobh chuig OSFC maidir leis an scéal, tharlódh gur chabhair sin freisin sna cásanna sin arb iad na cionta is lú tromchúis a bhaineann leo agus/nó a bhfuil cúrsaí curtha ina cheart cheana féin. Ba chóir go mbeadh an fhaisnéis mar a leagtar amach in Aguisín 2 isteach leis an eolas a chuireann iniúcháirí ar fáil mar chuid den tuairisc le OSFC.

D'fhéadfadh meitheal OSFC, i gcuid mhór cásanna, teacht ar an gcomhairle nach bhfuil aon chion substainteach ag teacht i gceist. Cé go dtagann dualgas an iniúcháir i gceist nuair atá 'cúiseanna réasúnacha', gan rialacha faoin dlí maidir le fianaise a chur i bhfeidhm, lena cheapadh go ndearnadh cion indíotálte, déantar a mheas le scrúdú OSFC an intuigthe ó chúinsí an cháis gur ann d'fhianaise den sórt sin. Is féidir, mar gheall air sin, go dtiocfadh OSFC ar mhalairt comhairle seachas mar a thagann an t-iniúchóir a thug an tuairisc.

I gcásanna simplí, d'fhéadfadh go mbeadh dóthain eolais ag OSFC ag deireadh Céim 1 chun cinneadh ar an mbeart a dhéanfar (Céim 3). Más amhlaidh an scéal, tugtar Céim 1 chun críche le litir a chur chuig an iniúchóir ina luaitear comhairle chríochnúil OSFC. Is iondúla go dtugtar Céim 1 chun críche le ceann nó eile díobh seo a leanas:

- litir chuig an iniúchóir ina luaitear nach bhfuil aon fhaisnéis breise de dhíth faoi láthair ach go bhfuil an cheist á meas go fóill, *nó*
- litir ag lorg breis faisnéise (Céim 2).

Céim 2 – breis faisnéise a iarraidh

Má shocraíonn meitheal OSFC gur cheart imscrúdú breise a dhéanamh maidir le cás, is iondúil go mbíonn gá faisnéis breise a iarraidh. Is féidir sin a fháil trí leas a bhaint as cumhacht faoi alt 194(5A) in Acht na gCuideachtaí 1990 breis mionsonraí a iarraidh ó iniúchóir. Níl aon tréimhse socraithe maidir le breis faisnéise a iarraidh. Ina ainneoin sin, nuair a eisítear iarratas, is iondúil go n-iarrann OSFC ar an iniúchóir an fhaisnéis a chur ar fáil in imeacht trí seachtaine.

Ar an measúntacht tosaigh faoi chás ar leith a thabhairt chun críche, socraíonn meitheal OSFC cén fhaisnéis bhreise a bheadh de dhíth chun teacht ar chomhairle chríochnúil.

I gcuid mhór cásanna, seolfaidh OSFC litir chuig an iniúchóir (chuig an oifig, mura dtugtar ainm faoi leith) faoi alt 194(5A), Acht na gCuideachtaí 1990 ag iarraidh breis eolais de réir mar a theastaíonn chun tuiscint níos iomláine a fháil ar an tuairisc agus d'fhonn cuidiú le socrú ar an mbeart is cóir do OSFC a dhéanamh. Leagtar amach go sonrath, chomh soiléir agus is féidir, i litreacha den sórt sin an ní atá á éileamh ar an iniúchóir. Ar an ábhar a d'fhéadfadh a bheith iontu de ghnáth, bheadh an cineál seo a leanas:

- Sonraí Mionsonraí faoi leith maidir le déanamh na gcionta amhrasta.
- Cibé ar tugadh san áireamh na cásanna eisceachta a cheadaítear faoin dlí i ndáil leis an gcion.
- Cibé ar cuireadh in iúl don chuideachta agus do na stiúrthóirí gur seoladh an tuairisc, agus más amhlaidh a cuireadh, aon fhreagra a tháinig.

I gcásanna maidir le tuairisc faoi alt 202, Acht na gCuideachtaí 1990 (leabhair chuntais a choimeád) a shárú agus foirm H4 a bheith comhdaithe leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí, is faoi alt 194(3A), Acht na gCuideachtaí 1990 a sheolfar an litir chuig an iniúchóir. Is é cúis atá leis sin go bhfuil fiúntas faoi leith maidir le fianaise in aon chás cúirte ina dhiaidh sin leis na freagraí a thugann iniúchóirí faoin alt sin. Dá réir sin, i gcás mar a leagtar amach thuas, agus sa chás go bhfuil socraithe go mba chóir imeachtaí cúirte a thionscnamh, is leis na hiniúchóirí faoi alt 194 (3A) a dhéanfar gach iarratas ar fhaisnéis seachas, mar shampla, leis an gcuideachta nó leis na stiúrthóirí.

Tuigeann OSFC go bhfuil roinnt den fhaisnéis ba mhian a fháil, mar shampla, faisnéis mhionsonraithe atá i dtaifid chuntasaíochta na cuideachta, nach bhfuil dlite, i bhfianaise a n-éilítear faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le hiniúchóireacht, í a bheith ar coimeád ag iniúchóir i mbun an chúraim sin. Sa chás nach bhfuil taifid cuideachta ar mian le OSFC iad a cheadú ar coimeád ag iniúchóir, níl aon dualgas ar an iniúchóir faoin dlí na taifid a fháil ón tríú páirtí.

I gcuid bheag de na cásanna, ní sheolfar litreacha faoi alt 194(5A) agus d'fhéadfadh gur mar gheall go dtuigtear ón measúnacht tosaigh (agus bonn faoi sin, is dócha, le tuairisc lán eolais ón iniúchóir) gur mionchion atá i gceist i gcuideachta ar scála beag, agus is iondúil go dtabharfaí an cás chun críche an tráth sin trí bhearta riaracháin, mar a leagtar amach i ndáil le Céim 3, nó mar gheall, b'fhéidir, go bhfuil foirceannadh déanta ar an gcuideachta agus gur mó is fiú tabhairt faoin ábhar leis an leachtaitheoir tríd an bpróiseas a chuirtear ar bun faoi alt 56 san Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001.

Tá de chumhacht ag OSFC freisin faisnéis a fháil ón gcuideachta – mar shampla, trína éileamh go gcuirfí leabhair nó doiciméid ar fáil, trí thaifid faoi leith a scrúdú agus, i gcásanna is tromchúisí, trí bharántas a fháil chun cuardach a dhéanamh ar áitreabh na cuideachta (féach Aguisin 1 maidir le breis mionsonraí). Ag brath ar chúinsí an cháis, d'fhéadfadh go bhféachfadh OSFC le leas a bhaint as cumhacht de na cineálacha sin chomh maith le faisnéis a iarraidh ón iniúchóir. Ní gnáth go gcuirfeadh OSFC in iúl don iniúchóir faoi chinneadh faisnéis a lorg ón gcuideachta nó ó na stiúrthóirí.

Nuair a iarrrtar faisnéis faoi alt 194(5A), is iondúil go luann OSFC dáta don fhreagra trí seachtaine ó dháta an iarratais. Ina ainneoin sin, bíonn OSFC toilteanach síneadh a chur leis an tréimhse má dhéanann an t-iniúchóir caidreamh le OSFC agus deacracht faoi leith maidir leis an spriocdháta a shásamh a lua go sonrath. D'fhéadfadh chomh maith go n-aontódh OSFC le cruinniú chun gnéithe faoi leith den fhaisnéis a iarrrtar a phlé. Ina ainneoin sin, is den tábhacht go dtuigfí go mbeidh de cheangal ar mheitheal OSFC oibriú ar mhaithe le lón fianaise a thiomsú is inúsáidte sa chúirt. Chun na críche sin, is iondúil go mbeadh an comhfhreagras foirmeálta óna chineál.

Ar fhreagra an iniúchára ar iarratas OSFC a theacht, déanfaidh an mheitheal an t-ábhar a mheas, in éineacht le faisnéis eile a tiomsaíodh, agus d'fhéadfadh go mbeifí ag iarraidh soiléire maidir le pointí faoi leith. Mura mbíonn, sin deireadh le Céim 2 chomh fada agus a bhaineann leis an iniúchóir.

Céim 3 – cinneadh ar na bearta a dhéanfar

Nuair a bhíonn an fhaisnéis is gá tiomsaithe ag OSFC chun cion indíotáilte amhrasta a mheas go hiomlán, tugtar athbhreithniú ar thoradh an chéad bhreithnithe maidir le cibé an bhfuil fianaise prima facie ann go ndearnadh cion indíotáilte agus, sa chás go bhfuil, socraíonn OSFC an leanfar ar aghaidh le Bearta riaracháin, nó Ionchúiseamh. D'fhéadfadh gur ghá faisnéis breise a lorg ón iniúchóir le linn an phróisis seo. Is de réir chastacht na gceisteanna a bhaineann le cás agus an gá an leas is fearr a bhaint as acmhainní a shocraítear tráthchlár na céime seo. D'fhéadfadh OSFC freisin athbhreithniú a thabhairt ar chinneadh tráth is faide anonn má thagann fianaise breise chun cinn.

Tá roinnt roghanna ag OSFC maidir le socrú ar an mbealach is fearr le déileáil le cion amhrasta is ábhar do thuairisc faoi chion indíotáilte ó iniúchóir. Mar a luaitear thuas, tharlódh i roinnt cásanna go socrófaí go luath nach dtagann aon chúis shubstainteach i gceist agus go gcuirí sin in iúl don iniúchóir.

Sa chás go bhfuil cúis den tsubstaint i gceist, agus gur cosúil gur tharla sárú ar an dlí, d'fhéadfadh go roghnódh OSFC déileáil leis an gcás trí bhearta riaracháin, lena mbainfeadh a thabhairt go ndéantar coigeartú agus/nó litir rabhaidh a eisiúint. Seolfar cóip d'aon litir den sórt sin chuig an iniúchóir.

Coimeádann OSFC de cheart chuici féin, ina dhiaidh sin féin, tabhairt faoi fhorfheidhmiú níos géire má shocraítear gur chóir sin, bunaithe ar mheasúnacht na ndaoine cuí de lucht foirne na hOifige. Tugtar san áireamh leis sin athbhreithniú a thabhairt ar mheasúnacht tosaigh má thagann breis faisnéise chun aire. Ceadaítear faoin dlí tréimhse ama gan teorainn chuige sin i ndáil le cionta is féidir a ionchúiseamh ar indíotáil (i.e. sa Chúirt Chuarda), mar nach dtagann Reacht na dTréimhsí i gceist. Maidir le cionta indíotáilte (nach dlite tuairisc ina leith le OSFC), ní mór, chun alt 240(5) in Acht na gCuideachtaí 1990 a shásamh, cás a thionscnamh taobh istigh de thrí bliana den dáta ar a ndearnadh an cion nó ón dáta a dtagann OSFC ar an eolas faoin gcion, cibé dáta acu sin is deireanaí.

De ghnáth, sa chuid bheag de na cásanna a dtarlaíonn ionchúiseamh mar gheall orthu, bíonn timpeall is 18 mí ón uair a fhaightear an Tuairisc faoi Chion Indíotáilte go dtí go mbíonn deireadh leis an gcás sa chúirt. Ina ainneoin sin, d'fhéadfadh éagsúlacht idir na tréimhsí a bhaineann le cásanna ar chúiseanna go leor e.g. an t-achar a theastaíonn chun fianaise a thiomsú nó chun dáta a shocrú sa Chúirt Dúiche in áit faoi leith.

Ní hé atá de pholasaí ag an Oifig an tuairisc is nua a eisiúint ná aon chomhfhreagras den chineál sin a dhéanamh le hiniúchóirí i rith Céim 3. Nuair a bhíonn cinneadh déanta, cuirfidh meitheal OSFC toradh na hoibre in iúl don iniúchóir a thug an tuairisc, agus is iondúil gur ceann nó eile díobh seo a leanas a bheidh i gceist:

- tuairisc go mbeidh ráiteas á éileamh ó tá socraithe ag OSFC ionchúiseamh a dhéanamh nó, maidir le mórchuid na gcásanna,
- tuairisc á chur in iúl don iniúchóir go bhfuil deireadh leis an obair ar an gcás, agus d'fhéadfadh gur an tráth céanna a sheoltar litreacha chuig stiúrthóirí na cuideachta a dhéantar sin.

Céim 4 – ionchúiseamh

Más é comhairle OSFC gur cheart ionchúiseamh a dhéanamh, is iondúil go n-iarrfar ráiteas foirmeálta finné ón iniúchóir. D'fhéadfadh gur ghá freisin don iniúchóir teacht i láthair sa chúirt.

Bíonn éagsúlacht mhór idir an t-am a theastaíonn chun cás a ullmhú agus a chur i láthair ag brath ar chastacht an cháis. Sna cásanna is simplí bheadh súil ag OSFC go n-éisteofaí iad taobh istigh de 18 mí.

Bíonn OSFC ina dhiaidh sin féin ag brath freisin ar am cúirte a bheith ar fáil, chomh maith le tosca eile a d'fhágfadh gurbh fhaide go mór an t-am a theastódh chun cás a ullmhú agus a chur os comhair na cúirte.

Céim 4 – ionchúiseamh

Tá de rogha ag OSFC féin ionchúiseamh a dhéanamh ar an leibhéal achomair os comhair na Cúirte Dúiche nó leabhar fianaise a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (DPP) d'fhonn ionchúiseamh ar dhíotáil. Is faoin DPP i ndeireadh báire cinneadh an dtéitear chun cinn le cásanna den sórt sin. Is sa Chúirt Dúiche a tugadh beagnach gach ceann de chásanna coiriúla OSFC go dtí seo.

Go ginearálta, is iad na pianbheithanna uasta atá leagtha síos i gcás ciontaithe:

- I ndáil le cion achomair, fíneáil €2,500 agus/nó 12 mí príosúnachta; agus
- I ndáil le cion indíotáilte, fíneáil €22,220 agus/nó 5 bhliana príosúnachta.

Foráiltear faoi Achtanna na gCuideachtaí, ina dhiaidh sin, do smachtbhannaí is géire go mór i ndáil le cionta áirithe, mar shampla alt 297 in Acht na bliana 1963 (trádáil chhalaoiseach), a dtéann fíneáil €63,487 agus/nó seacht mbliana príosúnachta de phianbheith uasta leis, agus alt 32 san Acht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2005 (drochúsáid mhargaidh), faoinar féidir leis na cúirteanna fíneáil suas le €10 milliún agus nó pianbheith príosúnachta suas le 10 mbliana a ghearradh.

Ráitis ó fhinnéithe agus freastal na cúirte

Sna cásanna sin ina mbíonn fianaise á tiomsú i ndáil le himeachtaí dlí ionchais, d'fhéadfadh tábhacht mhór a bheith le faisnéis ó iniúcháirí a chuir tuairisc faoi chion indíotáilte faoi bhráid. Dá réir sin, is é an gnáthnós ag OSFC ráitis fhoirmeálta a iarraidh ar iniúcháirí tuairisce. Is féidir ról tábhachtach a bheith le ráitis den chineál sin maidir le ionchúiseamh a n-éiríonn leis i gcás. Ina ainneoin sin, mar gheall (mar a luaitear thuas) gur annamh go leor a roghnaítear ionchúiseamh coiriúil a dhéanamh, is i gcás eisceachta a tharlódh gá le ráitis ó iniúcháirí nó a theacht i láthair sa chúirt. Ar an taobh eile den scéal, nuair a thagann sin i gceist, d'fhéadfadh roinnt mhaith ama a bheith ag baint leis, ach is é taithí OSFC go dtí seo go mbíonn iniúcháirí sásta an t-am is gá a chaitheamh leis an bpróiseas i mórchuid mhór na gcásanna.

Ní mór ráitis ó fhinnéithe a ghlacadh ar bhealach atá inghlactha mar fhianaise sna cúirteanna. Dá réir sin, nuair a bhíonn ráiteas á thabhairt, ba cheart go mbeadh súil ag iniúcháir le breis foirmeáltachta ag baint leis an bpróiseas.

Is iondúil go nglactar le ráiteas ó iniúcháir d'fhonn deimhniú a dhéanamh maidir le hábhar an chéad tuairisc ón iniúcháir agus d'fhonn breis faisnéise i ndáil le pointí faoi leith. D'fhéadfadh gur mhian leis an iniúcháir comhairle dlíodóra neamhspleách a fháil mar chabhair maidir leis an ráiteas a ullmhú: beidh daoine de mheitheal OSFC ar fáil chomh maith. Bíonn gá leis sin chun cuidiú le OSFC cruth a bheith leis an ábhar agus cinntiú go mbíonn an chuimsitheacht is gá ag baint leis an ráiteas agus go ndírítear ann ar na ceisteanna is dócha a mbeidh suim ag an gCúirt iontu.

Chomh maith le ráiteas a chur ar fáil, is iondúil go mbeidh ar iniúcháir teacht i láthair sa Chúirt, agus eiseofar toghairm fhinné. I gcás den sórt sin, déanfaidh meitheal OSFC freisin caidreamh leis an iniúcháir chun mionsonraí faoi dháta, ionad etc. a dheimhniú. Beidh an mheitheal ar fáil freisin chun comhairle a chur maidir leis an bpróiseas dá mba mhian leis an iniúcháir sin.

Ní éillíonn an Chúirt i ngach cás ar an iniúcháir fianaise a thabhairt, go háirithe i gcásanna ina mbíonn pléadáilte ciontach ag cosantóir(i). Go deimhin, fiú sa chás inar eisíodh toghairm, ní móide go mbeadh gá i ndeireadh báire don iniúcháir teacht i láthair sa chúirt. Más amhlaidh an cás, cuirfidh OSFC sin in iúl don iniúcháir.

Mar fhinnéithe, chomh maith le ceisteanna a chur orthu thar ceann OSFC (is iondúil

gur aturnae de chuid OSFC a dhéanann sin ach d'fhéadfadh gur abhcóide a dhéanfadh), d'fhéadfaí freisin a bheith ag súil le croscheistiú ó ionadaí dlí an chosantóra (na gcosantóirí). Is den tábhacht go mbíonn eolas maith ag an iniúcháir ar mhionsonraí an cháis agus ar ráiteas an iniúcháir féin ionas go ndéileáiltear go críochnúil leis an bpróiseas sin.

Ba chóir go dtuigfeadh iniúcháirí freisin nach n-íocann OSFC aon táillí maidir le teacht i láthair sa chúirt. Ba cheart ina ainneoin sin, sa chás go bhfuil rún ag iniúcháir luach saothair a lorg, sin a dhéanamh sa chúirt ar lá an cháis. De ghnáth, díríonn an Breitheamh ar an gceist seo agus, sa chás nach ndéanann, luafaidh aturnae nó abhcóid OSFC an t-ábhar.

Céim 5 – cás a thabhairt chun críche

Cuirfidh OSFC in iúl d'iniúchóir na tuairisce i gcónaí nuair a thugtar obair ar chás chun críche. Foilsítear freisin sonraí faoi chásanna ionchúisimh ar láithreán gréasáin OSFC agus sa Tuarascáil Bhliantúil.

Maidir le cásanna a mbíonn ionchúiseamh de thoradh orthu, foilsíonn OSFC an toradh a bhíonn ar na himeachtaí uile den sórt sin ar an láithreán gréasáin agus sa Tuarascáil Bhliantúil. Ní dhéantar tagairt sna foilseacháin sin d'iniúchóir na tuairisce. D'fhéadfadh ina dhiaidh sin féin go dtarlódh tagairt d'iniúchóir na tuairisce i dtuairisceoireacht faoi chás sna meáin chumarsáide, go háirithe má thug iniúchóir fianaise sa Chúirt.

Sa chás go gcinntear, cibé cúis atá leis, nach dtiocfaidh imeachtaí dlí de thoradh ar chás, (agus is mar sin a chinntear i mórchuid mhór na gcásanna), d'fhéadfadh go dtogródh OSFC rogha eile díobh sin a leagtar amach maidir le Céim 3 thuas a dhéanamh. I measc na roghanna sin, tá litir a sheoladh chuig na stiúrthóirí maidir leis na forálacha faoin dlí a dtagann an t-ábhar faoina scáth ba chúis leis an gcion indíotáilte a theacht i gceist.

Ar chúiseanna maithe riaracháin, luann OSFC go bhfuil cás tugtha chun críche nuair a thagann deireadh le hobair ar chomhad an cháis ach, mar a leagtar amach thuas, ní bhaineann Reacht na dTréimhsí ná forálacha eile faoin reachtaíocht le cásanna a bhféadfadh imeachtaí ar diotáil a theacht mar gheall orthu. Dá réir sin, beidh OSFC aireach i gcónaí go bhféadfadh breis fianaise a bhainfeadh le hábhar a theacht chun cinn a mbeadh de thoradh uirthi go ndéanfaí athscrúdú ar chás. Má tharlaíonn sin, d'fhéadfadh go ndéanfaí caidreamh leis an iniúchóir ainneoin gur tamall maith roimhe sin a tugadh tuairisc faoin gcás. Cé nach bhfuil aon chur isteach ó thaobh an dlí ag beartaíocht OSFC ar ghnáthdhualgas iniúchóirí i ndáil le taifid a choimeád, d'fhéadfadh iniúchóirí sin a choinneáil i gcuimhne i ndáil lena gcuid cartlannaíochta. Ina dhiaidh sin is uile, is fíorannamh a tharlaíonn a leithéid.

Ar an obair ar chomhad cáis a thabhairt chun críche, cibé cúis a bheadh leis sin, cuireann OSFC in iúl sin d'iniúchóir na tuairisce.

I ndáil le hiarratais maidir le Saoráil Faisnéise a dhéantar le OSFC, b'fhéidir gur mhian le hiniúchóirí a thabhairt chun aire nach gceadaítear mionsonraí faoi chás faoi leith a scaoileadh.

D'fhéadfadh, (cé gur fíorannamh a tharla go dtí seo) go bhféadfaí follasú a dhéanamh ar ábhar ar chomhad cáis i gcomhthéacs imeachtaí eile dlí.

Leagtar cumhachtaí forleathana fairsinge faoi Achtanna na gCuideachtaí ar an Stiúrthóir agus ar oifigigh ainmnithe an Stiúrthóra nuair is cuí. Tá san áireamh:

- Cumhacht (mar a leagtar amach níos iomláine i bhFógra Cinnidh D/2006/2) a éileamh ar iniúchóirí a rinne tuairisc faoi chion indiotáilte faoi alt 194(5) Acht na gCuideachtaí 1990, aon fhaisnéis breise a thabhairt atá faoina seilbh nó faoina rialú a bhaineann leis an ábhar, chomh maith le deis ar leabhair agus ar dhoiciméid atá faoina seilbh nó faoina rialú a bhaineann leis an ábhar agus deis ar áiseanna cóipeála d'fhonn cóipeanna nó sleachta den ábhar a thógáil (Alt 194(5A), Acht na gCuideachtaí 1990);
 - Cumhacht, ar bharántas a fháil, dul isteach ar áitribh agus iad a chuardach agus aon fhaisnéis ábhartha a dtagtar uirthi ar an áitreabh nó faoi choimeád nó i seilbh ag aon duine ar an áitreabh sin a urghabháil agus a choinneáil (Alt 20, Acht na gCuideachtaí 1990);
 - Cumhacht iarratas a dhéanamh leis an Ard-Chúirt ar ordú arna threorú do chuideachta nó d'aon oifigeach ar bith aon mhainneachtain maidir le foráil ar bith de chuid Achtanna na gCuideachtaí a chomhlíonadh a chur ina cheart (Alt 371(1), Acht na gCuideachtaí 1963);
 - Cumhacht, más an do chúinsí a thabharfadh le fios gur chúí sin, a cheangal ar chomhlacht ar bith leabhair nó doiciméid den sórt sin a shonrófaí a chur ar fáil, agus nuair is gá, cóipeanna nó sleachta den ábhar a thógáil (Alt 19, Acht na gCuideachtaí 1990);
 - Cumhacht iarratas a dhéanamh leis an Ard-Chúirt maidir le cigire a cheapadh chun imscrúdú a dhéanamh ar ghnóthaí cuideachta (Alt 8(1), Acht na gCuideachtaí 1990);
 - Cumhacht cigire a cheapadh chun imscrúdú a dhéanamh agus tuairisc a chur ar fáil faoi chomhaltas cuideachta (Alt 14(1), Acht na gCuideachtaí 1990);
 - Cumhacht miontuairiscí imeachtaí chruinnithe na cuideachta agus na stiúrthóirí a scrúdú agus cóipeanna a thógáil (Alt 145(3A), Acht na gCuideachtaí 1963);
 - Cumhacht a éileamh go gcuirfí ar fáil clár leas na stiúrthóirí i gconarthaí a cheanglaíonn an chuideachta (Alt 194(5A), Acht na gCuideachtaí 1963);
 - Cumhacht, ar iarratas a dhéanamh leis an gcúirt, leabhair chuideachta ar bith a scrúdú is ábhar d'ordú foirceanta, nó á fhoirceannadh go toilteanach (Alt 243(1A), Acht na gCuideachtaí 1963);
- Cumhacht a éileamh go gcuirfí leabhair leachtaitheora ar fáil (Alt 323A(1), Acht na gCuideachtaí 1963);
- Cumhacht, ar chúis leis a léiriú, agus ar iarratas a dhéanamh leis an Ard-Chúirt, ordú a fháil lena sriantar stiúrthóirí ó laghdú ar a gcuid sócmhainní taobh istigh nó taobh amuigh den Stát (Alt 55, An tAcht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001).

Sa chás gur cion a liostaítear in Sceideal 1 leis an Acht um Cheartas Coiriúil 2011 an cion faoi dhlí na gcuideachtaí bíonn cumhachtaí áirithe breise ar fáil chomh maith.

Aguisín 2 – Ábhar na tuairisce faoi chion indíotáilte

Luaitear in Alt 194(5) go ndéanfaidh an t-iniúcháir, sa chás go dtagtar ar an tuairim go bhfuil cúiseanna réasúnacha lena cheapadh go ndearnadh cion indíotáilte, mionsonraí a chur ar fáil don Stiúrthóir faoi na cúiseanna a bhí le teacht ar an tuairim sin.

Ní hé a cheanglaítear ar an iniúcháir leis sin faisnéis a chur ar fáil is leordhóthaineach chun an tástáil a chuirtear i bhfeidhm sna cúirteanna a shásamh – i.e. a theacht ar an gcomhairle chríochnúil, gan aon amhras réasúnach, go ndearnadh cion: ina ionad sin, is é a thugtar le tuiscint gur chóir don iniúcháir dóthain faisnéise a chur ar fáil a bhaineann le hábhar chun na fíorais ba bhun leis an tuairim a léiriú agus ligean do mheitheal OSFC an bunús a bhí lena cheapadh a thuiscint.

I bhFeasachán APB 2007/2 agus Fógra Cinnidh OSFC D/2006/2 tugtar treoir de réir mar seo a leanas maidir le mionsonraí a thabhairt:

11.1 Luann iniúcháirí dóthain faisnéis chun bonn a chur lena dtuairim ionas gur féidir leis an Stiúrthóir na cúinsí óna dtuigtear go ndearnadh cion indíotáilte a mheas mar is cóir. Treisítear leis an treoir sin le ISA (an Ríocht Aontaithe agus Éire) 250(B) faoina n-éilítear, *inter alia*, gur chóir don iniúcháir an t-ábhar a thabhairt chun aire an rialaitheora i bhfoirm agus ar mhodh a ligfidh don rialaitheoir beart cuí a dhéanamh (ISA (an Ríocht Aontaithe agus Éire) 250(B) alt 50).

11.2 Ba cheart go mbeadh na gnéithe seo a leanas san áireamh leis an bhfaisnéis a chuireann iniúcháirí ar fáil i dtuairisc leis an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach:

- mionsonraí faoin iniúcháir;
- an t-údarás faoin reachtaíocht atá leis an tuairisc a thabhairt;
- mionsonraí faoin gcuideachta/duine(daoine) is ábhar don tuairisc;
- cibé ar pléadh an t-ábhar leis na stiúrthóirí agus/nó le hoifigeach(oifigigh) agus/nó gníomhaire(gníomhairí) a bhaineann le hábhar de chuid na cuideachta;
- mionsonraí faoin gcion (na cionta) indíotáilte amhrasta;
- mionsonraí faoi na cúiseanna a bhí ag an iniúcháir le teacht ar an tuairim go ndearnadh cion indíotáilte. Ba cheart don iniúcháir cinntiú go dtugtar cur síos sách mionsonraithe gur féidir leis an Stiúrthóir an beart cuí a dhéanamh;
- an comhthéacs ina bhfuil an tuairisc á tabhairt. Tugtar treoir chomhairle d'iniúcháirí in ISA (an Ríocht Aontaithe agus Éire) 250(B) maidir leis an gcineál faisnéise a d'fhéadfaí a chur san áireamh i ndáil leis seo e.g.
- a oiread atá imscrúdú déanta ag an iniúcháir ar na cúinsí is cúis le tuairisc a thabhairt ar an ábhar, agus
- cibé an bhfuil bearta déanta d'fhonn an cás a chur ina cheart (ISA (an Ríocht Aontaithe agus Éire) 250(B) alt 63).
- aon fhaisnéis eile a mheasann an t-iniúcháir a bheith ag baint le hábhar;;
- síniúchán an iniúcháira;
- dáta na tuairisce.

Tá 'foirm tuairisce' eisithe ag OSFC is féidir le hiniúcháirí a úsáid chun cuidiú le hiniúcháir an tuairisc a thabhairt i gcruth áirithe agus sin ar fáil ar an láithreán gréasáin ag http://www.odce.ie/ga/forms_indictable.aspx. Ní leagtar síos san Acht ina dhiaidh sin féin gur gá an tuairisc a thabhairt in aon fhoirm faoi leith: is é an príomhdhualgas atá i gceist an fhaisnéis chúí a chur ar fáil de réir na treorach a leagtar amach thuas.